
SUCCESS STORY

FÓRAM AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

Cuirtear cosc ar an nGliofosáit



LEARN - DISCUSS - CONNECT - SEEK ADVICE



Eolas faoi ‘Cuirtear cosc ar an nGliofosáit’

An **tionscnamh** ‘**Cuirtear cosc ar an nGliofosáit**’ (teideal iomlán: **Cuirtear cosc ar an ngliofosáit agus cosnaítear daoine agus an comhshaol ar lotnaidicídí tocsaineacha**), ba é sin an ceathrú Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar éirigh leis. Mar chuid den tionscnamh iarradh ar an gCoimisiún Eorpach gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh i dtaca le rialáil agus trédhearcacht lotnaidicídí san Aontas Eorpach.

Bhí luibhicídí gliofosáit-bhunaithe, a úsáidtear go forleathan sa talmhaíocht, ina n-ábhar do dhiandíospóireacht phoiblí ar fud na hEorpa. Bhí nasc idir nochtadh do ghliofosáit agus ábhair imní maidir le hailse agus díghrádú éiceachórais, agus cheistigh go leor saoránach trédhearcacht agus neamhspleáchas na measúnuithe eolaíocha atá mar bhonn taca lena húdarú.

Leis an tionscnamh seo, d’iarr na heagraithe ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Luibhicídí atá bunaithe ar ghliofosáit a thoirmeasc;**
- **A chinntiú nach mbeidh na meastóireachtaí eolaíocha ar lotnaidicídí le haghaidh fhormheas rialála an Aontais** bunaithe ach ar **staidéir fhoilsithe arna gcoimisiúnú ag údaráis phoiblí inniúla**, seachas ag tionscal na lotnaidicídí;
- **Spriocanna éigeantacha uile-Aontais a leagan síos i ndáil le húsáid lotnaidicídí a laghdú**, d’fhonn todhchaí saor ó lotnaidicídí a bhaint amach.

Cláraíodh an tionscnamh an 25 Eanáir 2017, agus cuireadh tús le bailiú na sínithe an lá céanna. A bhuí le comhghuaillíocht a bhí slógtha cheana agus le rannpháirtíocht láidir an phobail, bhailigh na heagraithe aon mhilliún síniú laistigh de 5 mhí. Dá bhrí sin, dúnadh an tréimhse bhailiúcháin go luath an 2 Iúil 2017 chun go bhféadfaí ráitis tacaíochta a fhíorú go tapa roimh chinneadh an Choimisiúin i dtaca leis an gceadúnas gliofosáite a athnuachan.

D’ainneoin amlínte éagsúla sa phróiseas fíorúcháin ar fud na mBallstát, cuireadh an tionscnamh isteach go foirmiúil an 6 Deireadh Fómhair 2017 agus 1,070,865 ráiteas tacaíochta fíoraithe ag gabháil leis. Bhuail na heagraithe leis an gCoimisiún Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2017, chuir siad a gcás i láthair ag éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2017, agus fuair siad freagra oifigiúil ón gCoimisiún i dTeachtaireacht an 12 Nollaig 2017.

A bhuí le ‘Cuirtear cosc ar an nGliofosáit’ cuireadh an díospóireacht faoi shábháilteacht lotnaidicídí agus trédhearcacht eolaíoch i láthair ag an leibhéal is airde cinnteoireachta san Aontas.

Cláraíodh an tionscnamh

25/01/2017

Tosaíodh ar bhailiú sínithe

25/01/2017

Dúnadh an tréimhse bailithe sínithe *

02/07/2017

* Bailiú dúnta roimhe seo ag na heagraithe

Bhailíochtaigh an Coimisiún Eorpach an tionscnamh

06/10/2017

Thug an Coimisiún Eorpach freagra ar an tionscnamh

12/12/2017

Cad é a chuidigh leis an tionscnamh seo sínithe a bhailiú go rathúil?

Spriocghrúpa a bhí an-ghníomhach ón gcéad lá ar aghaidh

Bhí suim láidir leanúnach i saincheist na gliofosáite i measc shaoránaigh na hEorpa, na meán agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Treisíodh an leibhéal spéise sin mar gheall ar easaontas poiblí neamhchoitianta idir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) agus Gníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC) na hEagraíochta Domhanda Sláinte ó thaobh na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gliofosáit ar an tsláinte.

Comhghuaillíocht a bhí ann cheana agus a raibh bonn maoinithe comhsheasmhach aici a shlógadh

Seachas comhghuaillíocht nua a thógáil ó bhonn, shlóg na heagraithe líonra eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhí bunaithe cheana féin agus a raibh bonn maoinithe comhsheasmhach aige. Bhí an toilteanas, an saineolas agus na hacmhainní is gá ag na heagraíochtaí sin chun an próiseas reachtach a leanúint agus tionchar a imirt air.

An straitéis taobh thiar den tionscnamh seo



© DAVID DE MATTEIS - BELGA / Glyphosate: organisations launch a European citizens' initiative to ban glyphosate

Ullmhúchán

Ní as féin a tháinig an tionscnamh chun cinn. Thóg sé ar na hiarrachtaí abhcóideachta a rinneadh roimhe, lena gcumhdaítear achainí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh in 2015 a raibh feasacht shuntasach an phobail ginte aici cheana féin. Measadh gurb é an chéad chéim nádúrtha eile é Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a sheoladh chun rannpháirtíocht institiúideach a dhéanamh den slógadh.

Ceann de na príomhdhúshláin luatha a bhí ann ná teacht ar chomhaontú maidir le **fócas an tionscnaimh**. Ba chomhghuaillíocht mhór iléagsúil a bhí taobh thiar de 'Cuirtear cosc ar an nGliofosáit'. Leag roinnt comhpháirtithe béim ar an nasc idir gliofosáit agus ailse, thug comhpháirtithe eile tús áite do chosaint na bithéagsúlachta, agus bhí imní ar chomhpháirtithe eile faoi thionchar corparáideach ar phróisis rialála. Bhí gá le hidirphlé agus comhréiteach suntasach chun teacht ar chomhthoil.

Chun an chastacht sin a bhainistiú, bhunaigh na heagraithe '**Ciorcal Eagrúcháin**' ina raibh deichniúr ionadaithe ó phríomheagraíochtaí. Tháinig siad le chéile uair sa tseachtain chun cinntí a chomhordú i dtaca le leithdháileadh maoinithe, straitéis chumarsáide, clárú, agus dréachtú an tionscnaimh agus na hiarscríbhinne a bhí ag gabháil leis. D'ullmhaigh an comhordaitheoir tionscnaimh dréachtaí tosaigh, a scaipeadh ar mhaithe le haiseolas a fháil agus a athbhreithníodh i gcomhar trí bhabhtaí iomadúla.


Nóta

Ós rud é go raibh go leor de na heagraíochtaí rannpháirteacha tar éis comhoibriú le chéile cheana féin i bhfeachtais roimhe seo, **ní raibh forbairt na gcomhghuaillíochtaí chomh fadálach céanna is a bhí i gcás go leor tionscnamh eile**. Mar sin féin, chuir na heagraithe i bhfios go láidir **nár leor a bheith ag brath go heisiach ar líonra a bhí ann cheana**. Bhí sé ríthábhachtach i gcónaí for-rochtain a leathnú agus bearnaí i dtaca le hionadaíocht a shainaithint.

Tiomsú airgid agus acmhainní

Thiomsaigh an tionscnamh €328,399 ó fhoinsí éagsúla, Campact, WeMove.eu agus Greenpeace ina measc. An tráth sin, bhí sé ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh is mó a fuair maoiniú. Le bonn maoinithe cobhsaí comhsheasmhach, bhí eagraithe in ann infheistíocht a dhéanamh i gcomhordúchán, i bhfor-rochtain agus i mbonneagar feachtais, rud a chinntigh slógadh leanúnach le linn na tréimhse bailiúcháin.

Foinsí maoiniúcháin (€)



Nóta: Tá tuilleadh eolais faoi thacaíocht agus maoiniú 'Cuirtear cosc ar an nGliofosáit' le fáil ar leathanach an tionscnaimh 'Cuirtear cosc ar an nGliofosáit' i gClár an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Ní gá ach ranníocaíochtaí os cionn €500 in aghaidh an urra a thuairisciú

Straitéis an fheachtais

Ón tús, d'aithin na heagraithe go raibh feasacht an phobail múscailte cheana féin. **Ba é teagmháil trí ríomhphoist cnámh droma an fheachtais.** Ós rud é gur eagraíocht feachtais ar líne a bhí dírithe ar ábhair éagsúla a chomhordaigh an tionscnamh, bhí taithí ag na heagraithe ar bhoinn mhóra tacaíochta a shlógadh trí chumarsáid ríomhphoist rialta. D'úsáid comhpháirtithe cineálacha cur chuige comhchosúla, rinne siad teagmháil lena líonraí féin agus choinnigh siad rannpháirtíocht sheasta ar bun le linn an fheachtais.

Chuir na heagraithe liosta d'**eagraíochtaí comhpháirtíochta náisiúnta** i dtoll a chéile a bhí toilteanach páirt a ghlacadh agus d'oibrigh siad i ndlúthchomhar leo chun foirmeacha bailithe sínithe a chur ar taispeáint go díreach ar a suíomhanna gréasáin. Bhí sé ríthábhachtach teagmháil rialta a choinneáil ar bun le comhpháirtithe chun teachtaireachtaí comhsheasmhacha agus fuinneamh leanúnach a chinntiú.

Bhí **mapáil luath na bpáirtithe leasmhara** ina gné chinntitheach. Shainaithin na heagraithe Ballstáit ina mbeadh sé dúshlánach an tairseach íosta a bhaint amach agus d'fhorbair siad caidrimh go réamhghníomhach le heagraíochtaí agus tionchairí sna tíortha sin. Chuidigh an fócas straitéiseach sin chun cumhdach geografach leathan a chinntiú.

Aistríodh suíomh gréasáin an fheachtais go **teangacha éagsúla de chuid an Aontais**, rud a mhéadaigh inrochtaineacht ar fud na mBallstát. Bailíodh thart ar 8-9% de na sínithe go díreach tríd an suíomh gréasáin, le tacaíocht ó **iarrachtaí optamaithe inneall cuardaigh**. Ó bhí an 1 Eanáir 2023 ann, áfach, ní féidir sínithe a bhailiú go díreach trí shuíomhanna gréasáin feachtais a thuilleadh: ní fhéadfaidh eagraithe úsáideoirí a atreorú ach chuig an gcóras oifigiúil bailithe ar líne.

Chomh maith le slógadh ar líne, bhain eagraithe triail as **teagmháil as líne**. I gcomhar le Campact agus GLOBAL2000, d'eagraigh siad 'lá bailithe as líne' ar fud na hEorpa, nuair a seoladh 5,000 pacáiste bailithe sínithe chuig lucht tacaíochta. Bailíodh thart ar 100,000 síniú in aon deireadh seachtaine amháin.


Fostaíodh **feachtasóirí náisiúnta gairmiúla** sa Spáinn, san Iodáil agus sa Fhrainc, áit a raibh acmhainneacht áitiúil láidir ag an eagraíocht chomhordúcháin. Fiú i dtíortha nach raibh foireann thiomnaithe iontu, cinntíodh rannpháirtíocht ar fud an Aontais le hiarrachtaí for-rochtana.

Laistigh de chúig mhí, bhí aon mhilliún síniú sáraithe ag an tionscnamh: cloch mhíle a léirigh neart na comhghuaillíochta agus déine na himní poiblí araon.

Bailiú na sínithe agus an próiseas fíorúcháin

Bhain eagraithe an tionscnaimh úsáid as córas neamhspleách bailithe ar líne. Chomh maith le bailiú sínithe ar líne a chumasú, chuir sé ar chumas na n-eagraithe sonraí teagmhála a bhailiú agus an fhoirm a leabú ar shuíomhanna gréasáin na gcomhpháirtithe. Cé gur úsáid eagraithe 'Cuirtear cosc ar an nGliofosáit' córas neamhspleách bailithe ar líne, ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh is é an Lárchóras Bailithe ar Líne an t-aon chóras is féidir le heagraithe a úsáid chun sínithe a bhailiú ar líne.

An líon ráiteas tacaíochta a bhailigh 'Cuirtear cosc ar an nGliofosáit' in aghaidh an Bhallstáit



Ban Glyphosate reached the minimum thresholds in nine Member States. Source: European Citizens' Initiative website, 2026.

Léiríonn na ticmharcanna ar an léarscáil na Ballstáit inar baineadh amach an tairseach íosta sínithe is gá chun tacú leis an tionscnamh. Agus 1,070,865 ráiteas fíoraithe faighte san iomlán, bhain an tionscnamh 'Cuirtear cosc ar an nGliofosáit' **na tairseacha íosta amach i naoi mBallstát**.

Léiríonn na réiltíní ar an léarscáil na Ballstáit den Aontas ina bhfuarthas deimhnithe na ráiteas tacaíochta tar éis an tíolactha. Níor áiríodh na figiúirí sin i líon iomlán na sínitheoirí. Tá an tábla iomlán ina bhfuil na ráitis tacaíochta le fáil ar leathanach gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin.

Tionchar an tionscnaimh seo

Tíolacadh foirmiúil an tionscnaimh agus cruinnithe leis an gCoimisiún

Bhuail na heagraithe leis an gCoimisiún (an Chéad Leas-Uachtarán Frans Timmermans, an Coimisinéir um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Vytenis Andriukaitis, agus oifigigh shinsearacha ó sheirbhísí éagsúla lena mbaineann) an **23 Deireadh Fómhair 2017** (féach an phreaseisiúint). Thug an Coimisinéir Andriukaitis aitheantas go poiblí don tábhacht a bhain le breis agus milliún saoránach a bheith rannpháirteach go díreach i gcinnteoireacht an Aontais agus d'athdhearbhaigh sé tacaíocht chun ionstraim an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a neartú.



Copyright: © European Union, 2017

Éisteacht phoiblí Pharlaimint na hEorpa

An **20 Samhain 2017**, chuir na heagraithe a dtionscnamh i láthair ag **éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa** (féach an éisteacht phoiblí). Roghnaigh siad saineolaithe ábhair chun

ionadaíocht a dhéanamh ar an tionscnamh agus d'ullmhaigh siad príomhtheachtaireachtaí go cúramach roimh ré. Bhí go leor Feisirí de Pharlaimint na hEorpa "an-tacúil" leis an tionscnamh.



Copyright: © European Union 2017 - Source: EP

Freagra foirmiúil ón gCoimisiún Eorpach

Sa **Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017** (féach an phreaseisiúint), tháinig sé ar na conclúidí seo a leanas:

- **I dtaca leis an toirmeasc ar luibhicídí atá bunaithe ar ghliofosáit**, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh forais eolaíocha ná dhlíthiúla ann chun údar a thabhairt le toirmeasc agus luaigh sé nach molfadh sé reachtaíocht chun toirmeasc a chur ar ghliofosáit.
- **I dtaca le trédhearcacht agus neamhspleáchas na measúnuithe eolaíocha**, gheall an Coimisiún go dtíolacfadh sé togra reachtach faoi mhí na Bealtaine 2018 chun trédhearcacht i bpróiseas measúnaithe riosca an Aontais a neartú agus chun feabhas a chur ar rialachas agus iontaofacht na staidéar a chuirtear faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA).

- **I dtaca leis na spriocanna laghdaithe lotnaidicídí ar fud an Aontais**, seachas spriocanna éigeantacha laghdaithe a thabhairt isteach, chinn an Coimisiún díriú ar chur chun feidhme na Treorach maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí a fheabhsú. Gheall sé freisin táscairí riosca comhchuibhithe a fhorbairt chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo.

Tionchar reachtach agus obair leantach

Cé nár baineadh amach an príomhchuspóir, is é sin gliofosáit a thoirmeasc, **bhí tionchar suntasach reachtach ag an tionscnamh**.

I **mí Aibreáin 2018**, chuir an Coimisiún **togra reachtach i láthair chun trédhearcacht a neartú i bpróiseas measúnaithe riosca an bhiashlabhra san Aontas.** Tugadh isteach leis an togra foilsiú uathoibríoch staidéar tionscail a chuirtear isteach le haghaidh údarú táirgí chomh maith le rialacha treisithe rialachais le haghaidh staidéir a úsáideann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA).

Tar éis na caibidlíochta idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, **glacadh na rialacha nua trédhearcachta agus tá siad i bhfeidhm ó bhí an 27 Márta 2021 ann**. Mar thoradh air sin, ní féidir táirgí a bhaineann le bia, lotnaidicídí ina measc, a údarú a thuilleadh ar bhonn staidéir tionscail nár nochtadh. Ní mór gach staidéar a chuirtear isteach i gcomhthéacs nósanna imeachta údarúcháin a chur ar fáil go poiblí anois, rud a fhágfaidh gur féidir grinnscrúdú eolaíoch neamhspleách a dhéanamh orthu. Le linn an phróisis sin, lean comhghuaillíocht na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha de bheith rannpháirteach go gníomhach, ag coinneáil súil ghéar ar an gcaibidlíocht agus ag obair chun uaillmhian an togra trédhearcachta a chosaint.

Fiú tar éis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a thabhairt i gcrích go foirmiúil, d'fhan an chomhghuaillíocht i dteagmháil lena pobal tacaíochta agus lean sí de bheith rannpháirteach ann. Cuireadh eagraíochtaí comhpháirtíochta agus lucht tacaíochta aonair ar an eolas faoi thorthaí an fheachtais trí ríomhphost agus moladh dóibh leanúint orthu de bheith rannpháirteach. Choinnigh an chomhghuaillíocht comhordú ar bun i measc a balleagraíochtaí agus lean sí d'abhcóideacht a dhéanamh i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le cuspóirí an tionscnaimh.

Cé gur tháinig moill de réir a chéile ar an ngníomhaíocht chomhordaithe sin le himeacht ama, d'fhan na líonraí a tógadh le linn an fheachtais i bhfeidhm. D'fhan eagraithe i dteagmháil le lucht tacaíochta agus shlóg siad iad nuair a tháinig plé beartais ábhartha chun cinn. Mar a mhínigh siad, "bhí cumhacht ríthábhachtach ag baint leis an lucht tacaíochta ag céim níos faide anonn", go háirithe nuair a pléadh saincheisteanna gaolmhara i bParlaimint na hEorpa.

Mhair an slógadh a ghin 'Cuirtear cosc ar an nGliofosáit' tar éis na tréimhse bailiúcháin agus chuir sé le rannpháirtíocht leanúnach i dtaca le rialáil lotnaidicídí agus trédhearcacht eolaíoch.

Tuilleadh eolais faoin gcaoi ar tháinig réabhlóid bheag as an tionscnamh 'Cuirtear cosc ar an nGliofosáit' *(https://citizens-initiative-forum.europa.eu/citizens-experiences/blogs/how-stop-glyphosate-brought-about-small-revolution_ga)*

Leideanna agus cleasa d’eagraithe nua

Lucht féachana comhsheasmhach a thógáil

Ba cheart tús a chur leis an ullmhúchán i bhfad roimh chlárú. Má bhíonn bonn tacadóirí mór rannpháirteach ann, is féidir slógadh tapa a dhéanamh a luaithe a chuirfear tús leis an tréimhse bhailiúcháin.

Maoiniú leordhóthanach a chinntiú

Teastaíonn acmhainní airgeadais leordhóthanacha chun feachtasaíocht leanúnach a dhéanamh. Spreag eagraíochtaí rannpháirteacha chun cistí a thiomsú go gníomhach le tacú le for-rochtain, comhordú agus cumarsáid le linn na tréimhse bailiúcháin.

Tabhair aird ar leith ar an uainiú

Tá tábhacht le huainiú straitéiseach. Tríd an seoladh a ailíniú le díospóireachtaí reachtacha leanúnacha, is féidir infheictheacht, ábharthacht pholaitiúil agus tionchar foriomlán a mhéadú.

Bealaí cumarsáide éifeachtacha a roghnú

Tá straitéis chumarsáide shoiléir spriocdhírithe ríthábhachtach. Sainaithin na bealaí is fearr a théann i bhfeidhm ar do lucht féachana agus bain úsáid astu go comhsheasmhach chun móiminteam a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Cuir ceist ar ár saineolaithe má tá aon amhras ort faoi do thionscnamh! *(https://citizens-initiative-forum.europa.eu/seek-advice_ga#)*

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoi ‘Cuirtear cosc ar an nGliofosáit’ le fáil ar shuíomh gréasáin na n-eagraithe *(https://stopglyphosate.eu/)* agus ar leathanach gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin.